

University of Galway Research Repository

Cnámh na seisce: crapadh na fearúlachta i ndánta Mháirtín Uí Dhireáin

Title	Cnámh na seisce: crapadh na fearúlachta i ndánta Mháirtín Uí Dhireáin
Author(s)	De Paor, Louis
Publication Date	2014
Publication information	Louis de Paor (2014) 'Cnámh na seisce: Crapadh na fearúlachta i ndánta Mháirtín Uí Dhireáin' In: Caoimhín Mac Giolla Léith & Méidhbhín Ní Úrdail, An Daingean: An Sagart(Eds.). Mo ghnósa leas an dáin: Aistí in ómós do Mháirtín Ó Dhireáin. An Daingean : An Sagart.
Publisher	An Sagart
Link to publisher's version	http://www.ansagart.ie/2015/MoGhnosa.html
Item record	http://hdl.handle.net/10379/6293

‘Cnámh na seisce’: crapadh na fearúlachta i ndánta Mháirtín Uí Dhireáin

lonsaí ar idéalú na tuaithe, ‘a thoroughgoing English-bred lie’ (Kavanagh 1964: 9) atá chomh láidir sin i bhfilíocht na hÉireann ó aimsir na hathbheochana anuas go dtí blianta an dara cogadh domhanda, is ea dán fada Patrick Kavanagh, ‘The great hunger’ (1940-41), aor fíochmhar ar luachanna coimeádacha an dlúthphobail thuaithe a chuir ‘righteousness’ agus ‘Respectability that knows the price of all things/And marks God’s truth in pounds and pence and farthings’ (Kavanagh 1972: 85) os cionn gach aon ní eile. Díríonn Kavanagh ar choilleadh na fearúlachta agus na banúlachta a lean an t-idéal frithdhaonna a bhí á chur chun cinn i gcónaí i reitric na polaitíochta agus na litríochta lena linn féin:

Maguire spreads his legs over the impotent cinders that wake no manhood now
And he hardly looks to see which card is trump.
His sister tightens her legs and her lips and frizzles up
Like the wick of an oil-less lamp. (Kavanagh 1972: 103)

Sa mhír dheireanach den dán, féachann Kavanagh leis an mbonn a bhaint amach faoin íomhá rómánsúil den bhfear tuaithe a bhí in uachtar i measc daoine nár thuig an crá croí, coirp agus anama a lean an saol piasánach as ar fáisceadh é féin, saol borb a bhí faoi smacht ag ‘religion, the fields and the fear of the Lord’ (86).

The world looks on
And talks of the peasant:
The peasant has no worries;
In his lyrical fields
He ploughs and and sows;
He eats fresh food,
He loves fresh women,
He is his own master
As it was in the Beginning
The simpleness of peasant life.
The birds that sing for him are eternal choirs,
Everywhere he walks there are flowers.
His heart is pure,
His mind is clear,
He can talk as Moses and Isaiah talked –
The peasant who is only one remove from the beasts he drives.
The travellers stop their cars to gape over the green bank into his
fields: -
There is the source from which all cultures rise,
And all religions,
There is the pool in which the poet dips
And the musician.
Without the peasant base civilisation must die,

Unless the clay is in the mouth the singer's singing is useless. (100)

Ba dheacair teacht ar fhile tréitheach a bheadh ag teacht níos fearr leis an tuiscint atá á aoradh ag Kavanagh sna bhéarsaí sin ná mar atá Máirtín Ó Direáin, an file is cumasaí ar fad, b'fhéidir, i nGaeilge nó i mBéarla, a bhunaigh a chuid filíochta ar mhúnla idéalach den saol traidisiúnta tuaithe a bhí ag imeacht i léig lena linn féin. Murab ionann le Kavanagh, ní faoin tuath a tharlaíonn crapadh na fearúlachta agus na banúlachta i ndánta an Direánaigh, ach sa chathair fhallsa mar a dtéann 'galar a n-óghachta' i ngreim ar mhná is go dtugann fir comhaid 'In áit chéile chun leapa' (1962: ?).

Glactar leis gur tháinig forbairt de réir a chéile ar fhriotal agus ar léargas Uí Dhireáin idir 1942, nuair a foilsíodh a chéad leabhar *Coinnle geala*, agus tús na seascaidí is go bhfuil meanma fé leith ag baint le gach ceann de na trí leabhar is mó a d'fhoilsigh sé sa tréimhse sin, *Rogha dánta* (1949), *Ó Mórna* (1957) agus *Ár ré dhearóil* (1962). De réir a chéile sna leabhair sin, bhí canúint an fhile á fairsingiú agus a léargas ar chás an duine stoite á bheachtú aige. Is é cruachás an fhir is mó is práinn leis, an fear tuaithe a baineadh dá phréamhacha nuair a d'aistrigh sé isteach fén gcathair is ná raibh aon ancaire feasta aige i saol coimhthíoch gan bhrí. Tá léargas Uí Dhireáin ar chrapadh na fearúlachta lárnach ina shaothar ar fad agus is sa tréimhse sin idir 1942 agus 1962 is mó a bhí sé ag iarraidh a bhraithstint mheaschta ar an ábhar a shoiléiriú i bhfoirm dáin. Má léitear na leabhair sin i dteannta a chéile, agus dréachtaí eile a d'fhoilsigh sé sna hirisí Gaeilge ag an am, braitear na contrárachtaí doréitithe sa léiriú a thugann sé ar an bhfearúlacht faoi bhrú. Tá tábhacht ar leith sa mhéid sin leis an dá leagan den dán fada 'Ó Mórna', dán gur deacair a réiteach le léargas an Direánaigh ar shaol traidisiúnta na tuaithe maidir leis an tuiscint ar an bhfearúlacht a léirítear ann.

Sara dtiocfaidh mé go dtí 'Ó Mórna', níor mhiste sracfhéachaint a thabhairt ar roinnt dánta eile ón dtréimhse sin a bhaineann leis an bhfearúlacht faoi bhrú agus ar an méid a bhí le rá ag an bhfile ina chuid aistí próis faoinn gclaochlú a tháinig ar an gcuidreamh idir fir agus mná in Éirinn i rith an chogaidh. In 'Stoite' (1949) is é iomrascáil an fhir leis an domhan nádúrtha a chinntíonn a stádas agus a acmhainn laochúil agus is é an marc a fhágann sé ina dhiaidh ar an dtalamh a bhunaíonn a chuimhne.

Ár n-aithreacha bhíodh,
Is a n-aithreacha siúd,
In achrann leis an saol
Ag coraíocht leis an gcarraig loim.
[...]
Thóg an fear seo teach
Is an fear úd
Claí nó fál
A mhair ina dhiaidh
Is a choinnigh a chuimhne buan. (31)

In ‘Gleic mo dhaoine’ (1957), tá ceangal díreach idir nádúr agus feidhm na fearúlachta agus cumas giniúna an fhir:

Borradh na fola is súil le clann ar ghualainn
A thug ar fhear áit dorais a bhriseadh
Ar bhalla theach a dhúchais,
Ag cur pota ar leith ar theallach a dhóchais. (33)

In ‘Olc liom’ (1957), is dualgas oidhreachtúil de chuid na fearúlachta é, ní hamháin an talamh a shaothrú is a thabhairt chun blátha, ach mac a shíolrú chomh maith.

A thuistí a tháinig romham sall
Go dtí Dónall an tSrutháin,
Olc liom mar tháscaim díbhse,
Nár chuireas is nár bhaineas
Is nár thógas fós fál,
Nach ndearna mac chun fónaimh
Dár bpór, dár nós, dár ndúchas. (59)

Sa chás seo, tá teipthe ar an bhfear díphréamhaithe sa chathair a dhualgas fearúil a chomhlíonadh is gan aige mar dhuais ‘Ar shaothar suarach gan cháil’ ach ‘giota páir’ seachas ‘mac chun fónaimh’. Is é an scéal ceánna é ag fir an tí óil in ‘Blianta an chogaidh’ (1957: ?), a fhaigheann ‘an seic, an giota páir’ ar a ‘saothar aimrid gan aird’; táid ‘silte gan sinsear’, ‘stoite gan mhuintir’, agus an ceangal lena sinsearachta scaoilte – ‘drong nár rod leo a n-athardha’.

Tá aimride mhínáidúrtha tagtha in áit na seanluachanna arís in ‘De dheasca an úis’ (1957: 65), ‘an síol calctha i mbléin na tíre’ agus ‘tuilleadh a ghiní/Gan gineadh in aonchor’. Tá an tseisce ar fud na mball in ‘Na coillteáin’ (1962: 31), mar a gcuireann na fir choillte le chéile in aghaidh an té a bhfuil cumas giniúna fós ann, ‘Óir níl éad níos géire/Ná éad na gcoillteán/Le fear na gcloch’. Tá an íomhá céanna aige in ‘An duais’ (1962: 37) mar a bhfaigheann an file luach a shaothair go dóite, ‘Gáire an dúiste i mo dhiaidh aniar,/Uaill an choillteáin i mo chluasa,/Is an t-uaigneas suas liom cuachta’. In ‘Ar ré dhearóil’ (1962: 9) níl fanta den gceangal idir an fear tuaithe sa chathair agus a shinsir ach ‘crot a athar thalmhaí’ agus é ag cneadaíl ‘chun suíocháin/I mbus tar éis a dhinnéir’. Tá aimride na bhfear a thugann comhaid ‘In áit chéile chun leapa’ fite fuaite an uair seo le neamhthorthúlacht na mban a dhiúltaíonn a ndualgais ghiniúna agus mháithreachais ar son oibre, nó ar son na collaíochta ná leanann í ‘ach ualach masmais’ (10). Má dhaortar ‘an bhean nua’ ar túsce léi oideachas, taisteal, agus pléisiúr, ná dualgais thraidisiúnta na mná, ní bhraitear gurb iad is mó fé ndear dul ar gcúl na bhfear ach a meatacht féin agus iad stoite lena ndúchas.

Tá míniú ag an bhfile ar an meatacht sin agus an drúis a tháinig aisti ina chuid aisti próis mar a bhfuil ceangal díreach déanta aige idir meath na luachanna traidisiúnta morálta agus mothú na mí-éifeachta a bhain le neodracht na hÉireann aimsir an dara cogadh domhanda, go mórmhór i mBaile Átha Cliath. De réir an Diréanaigh, bhrostaigh an dainséar

láithreach agus mothú na mí-éifeachta a bhain le gan a bheith i láthair sa bhearna bhaoil, cúrsaí ealaíne ar thaobh amháin, agus dúil iomarcach sa bheatha chollaí ar an dtaobh eile.

Na blianta cinniúnacha úd fadó riamh anois, nuair a bhí daoine mar bheidís ag ligean a maidí le sruth, mar nár mheasadar aon léas fada a bheith acu ar an saol. Nuair a tháinig ragús aisteoireachta agus ragús péintéireachta, ragús óil, agus ragús eile nach luafar, ar dhaoine eile as an tuiscint chéanna' (1969:152).

Cheap siad go mba cheart dóibh fhéin a bheith ag déanamh rud éigin. Agus is dóigh liomsa gur bh é an rud is mó a bhí go leor acu a dhéanamh ná caitheamh an tsaoil in airde leo fhéin, pé brí aois a bhí acu, ag ól agus ag ragairne agus ag cur an tsaoil trína chéile' (2002: 64).

Is sa chomhthéacs sin a léirítear dífhireannú na bhfear i bhfilíocht an Direánaigh, ní mar gheall ar theacht chun cinn na mná nua a bhfuil Homer agus Eliot i mbarr a goib aici (1969: 151-3), agus cártaí poist á gcur abhaile aici ó Ostend agus Páras (1962: ?), nó ní mar gheall air sin go príomhga, ach mar gheall ar a mhéid atá a gcuid iompair féin as alt le múnla traidisiúnta na fearúlachta siar go dtí Dónall an tSrutháin, go dtí Flaitheartaigh an tí mhóir agus na Brianaigh a bhí i réim i bhfad rompu in Árainn (2002: 166-72).

Sa dá leagan den dán fada 'Ó Mórna' agus i dtráchtairacht an fhile féin ar na dánta a tháinig as blianta an chogaidh braitear míshuaimhneas leanúnach an Direánaigh ar an ábhar seo agus an dua a chaith sé ag iarraidh a bhraistintí contrártha ina leith a shoiléiriú. Tá an míshuaimhneas soiléir sa méid a dúirt sé mar gheall ar 'Ó Mórna' le micléinn de chuid Eoghain Uí Anluain in 1969:

ba dheacair dom agus ba dheacair liom mórán a rá ar 'Ó Mórna' féin mar dhán, mar cé gur féidir a rá, nach féidir a shéanadh, gur mé a chum é, san am céanna nuair a chumann tú dán den tsaghas sin iompraíonn sé leis thú. Tá tú mar dhuine nach bhfuil stiúir agat feasta ar an rud atá tú a dhéanamh. Imíonn tú leat ar thuile na cumadóireachta. (2002: 172)

Is teist é ar ionraiceas Uí Dhireáin mar fhile go ngéillfeadh sé do stiúir na samhlaíochta seachas srian a chur léi sa chás seo, ainneoinn a mhíshuimhnis faoin méid a bhí á scríobh aige. 'Ósfhear', 'fabhalfhear', 'fathach fir ina bhealach féin' is ea Ó Mórna, 'Everyman' agus 'samhail de chách' a bhfuil an t-uaigneas ag dul dó agus crois na collaíochta ar iompar aige (2002: 172-3) nuair a ghlacann sé ceart an tiarna chuige is é i mbun banéigin agus adhaltranais.

Ag cartadh báin, ag cartadh loirg,
Ag treabhadh faoi dheabhadh le fórsa,
Ag réabadh comhlann na hógachta,
Ag dul thar teorainn an phósta. (1957: 19)

Ainneoinn a chuid eolais ar chúrsaí fealsúnachta, is díol suntais é nach é Nietzsche a tharraing an Direánach chuige chun peacaí an ósfhir sa mhéid sin a mhaitheamh dó ach laoch de chuid an traidisiúin Ghaelaigh.

Ní móide arís ar ais gur ar Ó Mórna féin [...] ba cheart an milleán a chur.

Mar a dúirt Eibhlín Dubh Ní Chonaill faoi Art Ó Laoghaire:

Mo chara is mo rún tú,
Ní raibh le casadh sa chúirt leat
Ach go rabhais ciontach i bpeaca na drúise
Agus ní tusa ba chiontach
Ach an bhuíon a bhí umhal duit. (2002: 173)

In am na práinne, agus an fhearúlacht thraidisiúnta ag crapadh, is measa, de réir dhealraimh, aimride agus umhlaíocht ná ampla ainsrianta an laoiach nach ngéilleann do ghnáthluachanna an phobail agus na heaglaise. Tá fasach sa traidisún dúchais chun andúil chollaí an tiarna a cheadú agus idirdhealú dá réir idir luachanna na coitiantachta agus luachanna na n-uaisle. Cuirtear droch-chomhairle a chuid báillí san áireamh chomh maith le huaigneas agus craos collaí Uí Mhórna, drochphósadh agus griogadh na mban átiúil, ach is é a cheart oidhreachtúil mar thaoiseach sa phobal traidisiúnta Gaelach is mó a luaitear chun a dhrochiompar a mhaitheamh dó.

Taispeánann an dua a chaith sé leis an dá leagan de ‘Ó Mórna’ ceardaíocht an fhile agus an phráinn a bhain lena bhraithstint chontrártha féin ar an ábhar seo a chur in iúl, ainneoinn a mhíshuaimhnis. I measc na n-athruithe is suaithinsí sa dara leagan den dán, tá an léiriú ar na mná óga ag ní is ag ramhrú an éadaigh is iad ag griogadh an fhir óig ar shlí nach bhfuil chomh soiléir céanna sa chéad leagan.

Chonaic níochán is ramhrú dá éis,
Chonaic mná ag úradh bréidín,
Gach cos nocht ó ghlúin go sáil
Ina slis ag tuargain an éadaigh,
Bean ar aghaidh mhná eile thall
Ina suí suas san umar bréige.

Chonaic is bhreathnaigh gach slis ghléigeal,
Chonaic na hógmhná dá fhéachaint,
Dá mheas, dá mheá, dá chrá in eineacht.
D’fhreagair fuil an fhireannaigh thréitheach,
Shiúil sí a chorp, las a éadan,
Bhrostaigh é go mear chun éilimh. (1957: 18)

Tá léiriú níos boirbe ar bhean chéile an tiarna chomh maith sa dara leagan den dán. Sa chéad leagan, is léir nach easpa teangbhála ná easpa torthúlachta fé ndear míshásamh an fhir léi ach gur theip uirthi mac a sholáthar chun réim an teaghlaigh a bhuanú.

Clann iníonn do rug dó
Is ní oighre dílis fir,
Ceann fine gan fine,
Gan oighre ceart ar a dháil. (1954: ?)

Ní luaitear an chlann iníon sa dara leagan. Athrú suaithinseach eile sa léiriú ar Ó Mórna is ea gur beag rian den gcoimhlint lena mhian féin atá chomh láidir sin sa chéad insint atá fanta sa dara leagan, fé mar gur lagú ar laochas agus ar cheart an tiarna a leithéid a admháil.

Théadh Ó Mórna ar na creaga
Ag súil le faoiseamh,
Ag súil le deibhil
Idir dhá thoinn,
Mar dhúil go ndéanfadh
An fharraige cháite
Láíocht lena ghrua
Le trua dá ghoin. (1954: ?)

Cara cáis thar achar mara
B'annamh a thagadh dá fhuascailt,
Is théadh ag fiach ar na craga
Ag tnúth le foras is fuaradh. (1957: 19)

Is é an t-athrú is tábhachtaí sa dara leagan den dán, áfach, ná an tslí go dtagann an reacaire i láthair is go seasann idir an léitheoir is an scéal atá á insint aige níos soiléire ná mar a dhein sa chéad leagan.

A ródaí fáin as tír isteach
A dhearcann tuama thuas ar aill,
A dhearcann armas is mana,
A dhearcann scríbhinn is leac,
Ná fág an reilig cois cuain
Gan tuairisc an fhir a bheith leat. (1957: 17)

Strainséir nach dtuigeann an saol a bhfuil cur síos air sa dán is ea an léitheoir samhraithe a chuirtear i gcás sa chéad líne ansan. Ní hamháin go bhfuil eagla ar an scéalaí ná tuigfidh an coimhthíoch thar tír isteach béasa na háite a bhfuil sé ar cuairt ann, tá imní leis air go mb'fhéidir go nglacfaidh sé le luachanna na cosmhuintire nach bhfuil le trust sa dán áirithe seo ainneoinn iad a bheith chun tosaigh i ngach aon dán eile, geall leis, de chuid an fhile.

Ná bí i dtaobh le comhrá cáich,
Ná le fíor na croise á ghearradh
Ar bhaithe chaillí mar theist an fhir
A chuaigh in uaigh sa chill sin. (1957: 17)

Leis sin, tugann an scéaláí féin droim láimhe le húdarás an tsagairt is na seandaoine a chaomhnaíonn dlí an phobail agus seasann leis an laoch ná géilleann do smachtbhannaí na treibhe.

Tá a mhalairt glan de léargas ar an scéal céanna in ‘Scéal an tí mhóir’, mar a bhfuil luachanna an phobail chun cinn arís tréis ‘bhearta an fhill’ a dhein lucht an tí mhóir ar na ‘truáin spíonta’:

Ar áit na mbothán
Tá tithe ceann slinne
Is le gáirí geala
Tá tinteáin lán,
Ach tá do phórsa caite
Gan oighre i d’aice,
Is mar thrá ghaoithe
D’ál ar fán,
Cé mairfidh cuimhne
Ar do ghníomha –
Fíor na croise
Ar bhaithe sheanmhná. (1951: ?; 1980: 199)

Ní cailleadh neamhthrust ach seanbhean deabhóideach a ghearrann fíor na croise uirthi féin an uair seo, léiriú díreach ar an nasc dearfach idir luachanna traidisiúnta na cosmhuintire agus dlí na heaglaise sa dlúthphobal tuaithe mar a chuirtear i láthair é de ghnáth i ndánta Uí Dhireáin. Tá insint eile fós ar an scéal céanna in ‘Sic transit’ (1957) mar a bhfuil ‘meirg ag comhrá le cóiste/l gclós an tí mhóir’ is gan ‘lua ar na flatha ná tuairisc/l dteach a sean’ (63). Maireann an tigh, ach tá deireadh le pór na n-ualas, a síol ídithe. Tá na hinsintí eile sin ag teacht go hiomlán leis an ómós a léiríonn an Direánach don gcosmhuintir, don eaglais, agus do luachanna traidisiúnta an dúchais sa chuid is mó ar fad dá shaothar.

Cad ina thaobh, mar sin, an t-ómós míchuíosach don bhflaith aintiarnúil, drúiseach, foréigneach in ‘Ó Mórna’? Agus é ag labhairt ar an difear idir an tuath is an chathair in 1969, mhínigh an file mar a chuirtear ‘smachtbhannaí na treibhe’ i bhfeidhm ar an té a sháraigh ‘dlí na treibhe’, a dhein adhaltranas nó drúis nó banéigean ‘sna tuatha céadraí’. Ina dhiaidh sin, chomh fada is gur éirigh le muintir na tuaithe riachtanais na beatha a sholáthar dóibh féin, ‘bhí chuile dhuine beagnach ina mháistir air féin ón am nach raibh siad ina sclábhaithe ar fad nó ina mogha ag an tiarna’ (2002: 183). Bhí difear níos tábhachtaí fós, áfach, idir lucht tuaithe agus lucht cathrach:

bíonn muintir na tuaithe, ó thaobh clann a dhéanamh, mar a déarfá, bhí siad bisiúil, go fiú na huaisle, an uasalaicme agus an ísealaicme, bhí sin amhlaidh. [...] Bhí feidhm difriúil, b'fhéidir acu leis, bhí feidhm na huaisle, is dóigh gur cumhacht, cumas a bhí i gceist acu, le clann a dhéanamh – go dlisteanach nó go neamhdhlisteanach go minic. Agus na híocharáin féin, an ísealaicme arís, an chosmhuintir, is le clann ar ghualainn a theastaigh uathu sin, theastaigh sé uathu le slí mhaireachtála a chur ar fáil dóibh. An té a raibh cúnamh aige le mo linn féin in Árainn, [...] a raibh seisear nó seachtar mac sa teach, bhí sé in ann níos mó ceilpe a dhéanamh ná duine ar bith eile, bhí sé in ann níos mó éisc a bheith aige ná ag duine ar bith eile, agus dá réir sin, tá sin nádúrtha go leor. (184)

Leis sin, cuirtear riachtanas eacnamúil na cosmhuintire agus riachtanas na cumhachta i measc na n-uaisle i dteannta a chéile chun an phráinn a bhain le mac a sholáthar sa seanashaol traidisiúnta dúchais a léiriú.

An é atá i gceist mar sin leis an léargas a fhaightear ar an bhfearúlacht faoi bhrú i saothar Mháirtín Uí Dhireáin gurbh fhearr acmhainn neamhdhlisteanach an aintiarna Ó Mórna ná aimride na bhfear díphréamhaithe a thug cúl lena ndúchas agus lena nádúr fireann sa chathair? Más ea, is díol suntais é gur i gcomhthéacs an traidisiúin dhúchais agus an dlúthphobail thuaithe atá an ghné sin dá léargas suite, foinse na luachanna seanabhunaithe atá á gcur chun cinn ó thosach deireadh a chuid filíochta ach go bhfuil an léargas áirithe seo bun os cionn glan leis na luachanna a shamhlaíonn an file leis an saol sin de ghnáth. Tá míshuaimhneas an fhile féin le brath sna hinsintí éagsúla a thug sé ar scéal an tí mhóir ach cuireann a léargas ar an imní i leith na fearúlachta a lean an t-aistriú saoil leis an léiriú a fhaightear ina chuid filíochta ar choimthíos an duine stoite sa tsaol nua-aimsire cathrach agus ar ghné amháin den gcorraíl shóisialta a lean an dara cogadh domhanda in Éirinn, dar leis.

Leabharliosta

Kavanagh, Patrick, 1972: *The complete poems*, collected, arranged and edited by Peter Kavanagh. Newbridge, Co Kildare.

_, 1964: *Self-portrait*. Dublin.

Ó Direáin, Máirtín, 1942: *Coinnle geala*. Baile Átha Cliath.

_, 1949: *Rogha dánta*, arna maisiú ag Nano Reid. Baile Átha Cliath.

_, 1954: 'Ó Mórna', *Feasta* (Bealtaine ?)

_, 1957: *Ó Mórna agus dánta eile*. Baile Átha Cliath.

_, 1962: *Ár ré dhearóil agus dánta eile*. Baile Átha Cliath.

_, 1969: *Feamainn Bhealtaine*. Baile Átha Cliath.

_, 1980: *Dánta 1939-1979*, eag. Eoghan Ó hAnluain. Baile Átha Cliath.

_, 2002: *Ón Ulán Ramhar siar*, Baile Átha Cliath.